# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 304

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

**Imleabhar 66**

**28 Lúnasa 2023**


Clár


IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

2023/C 304/01 Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* . . . 1

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

**Cúirt Bhreithiúnais**

2023/C 304/02 Cás C-145/23 P: Achomharc arna thabhairt an 10 Márta 2023 ag Puma SE i gcoinne breithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Séú Dlísheomra) a tugadh an 21 Nollaig 2022 i gCás T-4/22, Puma v EUIPO — DN Solutions (PUMA) . . . 2

2023/C 304/03 Cás C-196/23: Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Superior de Justicia de Cataluña (an Spáinn) an 24 Márta 2023 – CL agus páirtithe eile v DB, oidhre uilechoiteann ag FC agus Fondo de Garantía Salarial (FOGASA) . . . 2

2023/C 304/04 Cás C-258/23, Imagens Médicas Integradas: Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal da Concorrência, Regulação e Supervisão (an Phortaingéil) an 24 Aibreán 2023 — IMI — Imagens Médicas Integradas S.A. v Autoridade da Concorrência . . . 3

2023/C 304/05 Cás C-259/23, Synlabhealth II: Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal da Concorrência, Regulação e Supervisão (an Phortaingéil) an 24 Aibreán 2023 —Synlabhealth II S.A. v Autoridade da Concorrência . . . 3

2023/C 304/06 Cás C-260/23, SIBS — Sociedade Gestora de Participações Sociais agus páirtithe eile: Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal da Concorrência, Regulação e Supervisão (an Phortaingéil) an 24 Aibreán 2023 — SIBS-Sociedade Gestora de Participações Sociais SA agus páirtithe eile v Autoridade da Concorrência . . . 4


GA

2023/C 304/07 Cás C-292/23: Iarraidh ar réamhrialú ón Juzgado Central de Instrucción nº 6 de la Audiencia Nacional (an Spáinn) an 3 Bealtaine 2023 – Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh v I.R.O., F.J.L.R. . . . . . 5

2023/C 304/08 Cás C-296/23, dm-drogerie markt: Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesgerichtshof (an Ghearmáin) a taisceadh an 10 Bealtaine 2023 – Zentrale zur Bekämpfung unlauteren Wettbewerbs eV v dm-drogerie markt Gmbh & Co.KG . . . . . 6

2023/C 304/09 Cás C-313/23, Inspektorat kam Visshia sadeben savet: Iarraidh ar réamhrialú ó Sofiyski rayonen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 22 Bealtaine 2023 – Inspektorat kam Visshia sadeben savet . . . . . 6

2023/C 304/10 Cás C-316/23, Inspektorat kam Visshia sadeben savet: Iarraidh ar réamhrialú ó Sofiyski rayonen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 23 Bealtaine 2023 – Inspektorat kam Visshia sadeben savet . . . . . 7

2023/C 304/11 Cás C-322/23 Lufoni: Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale di Lecce (an Iodáil) a taisceadh an 24 Bealtaine 2023 – ED v Ministero dell'Istruzione e del Merito, Istituto Nazionale della Previdenza Sociale (INPS) . . . . . 9

2023/C 304/12 Cás C-332/23, Inspektorat kam Visshia sadeben savet: Iarraidh ar réamhrialú ó Sofiyski rayonen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 25 Bealtaine 2023 – Inspektorat kam Visshia sadeben savet . . . . . 9

2023/C 304/13 Cás C-338/23, Bravchev: Iarraidh ar réamhrialú ó Sofiyski gradski sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 30 Bealtaine 2023 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne M.S.S. agus páirtithe eile . . . . . 10

2023/C 304/14 Cás C-374/23, Adoreikė: Iarraidh ar réamhrialú ón Vilniaus apygardos administracinis teismas (an Liotuáin) a taisceadh an 13 Meitheamh 2023 — SR, RB v Lietuvos Respublika . . . . . 11

2023/C 304/15 Cás C-376/23, BALTIC CONTAINER TERMINAL: Iarraidh ar réamhrialú ón Augstākā tiesa (Senāts) (an Laitvia) a taisceadh an 15 Meitheamh 2023 – SIA BALTIC CONTAINER TERMINAL v Valsts ieņēmumu dienests . . . . . 12

2023/C 304/16 Cás C-383/23, ILVA: Iarraidh ar réamhrialú ón Vestre Landsret (an Danmhairg) a taisceadh an 21 Meitheamh 2023 — Anklagemyndigheden v ILVA A/S . . . . . 13

2023/C 304/17 Cás C-442/23: Caingean arna tabhairt an 14 Iúil 2023 — Poblacht na Polainne v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh . . . . . 13

2023/C 304/18 Cás C-444/23: Caingean arna tabhairt an 17 Iúil 2023 – Poblacht na Polainne v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh . . . . . 15

2023/C 304/19 Cás C-445/23: Caingean arna tabhairt an 17 Iúil 2023 – Poblacht na Polainne v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh . . . . . 16

2023/C 304/20 Cás C-448/23: Caingean arna tabhairt an 17 Iúil 2023 – An Coimisiún Eorpach v Poblacht na Polainne . . . . . 17

2023/C 304/21 Cás C-451/23: Caingean arna tabhairt an 18 Iúil 2023 – Poblacht na Polainne v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh . . . . . 18


**Chúirt Ghinearálta**


2023/C 304/22 Cás T-358/20: Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 12 Iúil 2023 — Net Technologies Finland v REA (Clásal eadrána – Seachtú creatchlár le haghaidh taighde, forbairt teicneolaíochta agus gníomhaíochtaí taispeántais (2007-2013) – Costais phearsanra – Aisíocaíocht suimeanna arna n-íoc – Incháilitheacht costas a bhaineann le sainchomhairleoirí inmheánacha – Dualgas cruthúnais) . . . . . 20

| | | |
|---|---|---|
| 2023/C 304/23 | Cás T-491/21: Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 12 Iúil 2023 — An Ungáir v an Coimisiún (EAGF and EAFRD – Caiteachas atá eisiata ó mhaoiniú – Caiteachas arna thabhú ag an Ungáir – Cosc ar chistiú dúbailte – Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 – Airteagal 28(1)(b) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 – Cabhair um fhoraoisiú – Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 – Cabhair um ghlasú – Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 – Carnadh na cabhrach) . . . . . . . . | 20 |
| 2023/C 304/24 | Cás T-27/22: Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 12 Iúil 2023 — Innovaciones Cosmetico Farmacéuticas v EUIPO — Benito Oliver (th pharma) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais TH PHARMA – Marc fíortha náisiúnta níos luaithe TH – Foras coibhneasta le diúltú – Dóchúlacht mhearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Fíorúsáid an mhairc níos luaithe – Airteagal 47 (2) agus (3) de Rialachán 2017/1001) . . . . . . . . | 21 |
| 2023/C 304/25 | Cás T-34/22: Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 12 Iúil 2023 — Cunsorziu di i Salamaghji Corsi — Consortium des Charcutiers Corses agus páirtithe eile v an Coimisiún (Tásc geografach faoi chosaint – Sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint – Iarratais ar thásca geografacha faoi chosaint 'Jambon sec de l'Île de Beauté', 'Lonzo de l'Île de Beauté' agus 'Coppa de l'Île de Beauté' – Ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Jambon sec de Corse — Prisuttu', 'Lonzo de Corse — lonzu' agus 'Coppa de Corse — Coppa di Corsica' – Oiriúnacht na n-ainmneacha – Tabhairt chun cuimhne – Airteagal 7(1)(a) agus Airteagal 13(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 – Raon feidhme athbhreithniú an Choimisiúin ar iarratais ar chlárú – Airteagal 50(1) agus Airteagal 52(1) de Rialachán Uimh. 1151/2012 – Earráid mheasúnaithe) . . . . . . . . | 22 |
| 2023/C 304/26 | Cás T-318/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 29 Meitheamh 2023 – KF v BEI (Státseirbhís – Foireann BEI – Coiste Easláine – Diúltú an easláine a aithint – Diúltú d'achomharc riaracháin – Lis pendens – Do-ghlacthacht) . . . . . . . . | 22 |
| 2023/C 304/27 | Cás T-112/23: Ordú na Cúirte Ginearálta an 27 Meitheamh 2023 – Konings v EUIPO – Manuel Busto Amandi (MAY GOLD) ((Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhnithe – Tarraingt siar an iarratais ar chúlghairm – Cás nach gá dul ar aghaidh chun breithiúnais leis)) . . . . . . . . | 23 |
| 2023/C 304/28 | Cás T-361/23: Caingean arna tabhairt an 5 Iúil 2023 – Väderstad v EUIPO (Suíomh teaglaim de ghnéithe cur i láthair) . . . . . . . . | 24 |
| 2023/C 304/29 | Cás T-362/23: Caingean arna tabhairt an 5 Iúil 2023 – Väderstad v EUIPO (Suíomh teaglaim de ghnéithe cur i láthair) . . . . . . . . | 24 |
| 2023/C 304/30 | Cás T-363/23: Caingean arna tabhairt an 5 Iúil 2023 – Väderstad v EUIPO (Suíomh teaglaim de ghnéithe cur i láthair) . . . . . . . . | 25 |
| 2023/C 304/31 | Cás T-364/23: Caingean arna tabhairt an 5 Iúil 2023 – Väderstad v EUIPO (Suíomh teaglaim de ghnéithe cur i láthair) . . . . . . . . | 25 |
| 2023/C 304/32 | Cás T-365/23: Caingean arna tabhairt an 6 Iúil 2023 – Habitat Barcelona Unión Constructora v EUIPO – Acomodeo Marketplace (ACOMODEO) . . . . . . . . | 26 |
| 2023/C 304/33 | Cás T-378/23: Caingean arna tabhairt an 10 Iúil 2023 — Marcegaglia Specialties v an Coimisiún . . | 27 |
| 2023/C 304/34 | Cás T-379/23: Caingean arna tabhairt an 10 Iúil 2023 – Çolakoğlu Metalurji v an Coimisiún . . . . . | 27 |
| 2023/C 304/35 | Cás T-383/23: Caingean arna tabhairt an 11 Iúil 2023 – Essilor International v EUIPO – Carl Zeiss Vision (MYOLUX) . . . . . . . . | 28 |
| 2023/C 304/36 | Cás T-384/23: Caingean arna tabhairt an 10 Iúil 2023 – OQ v an Coimisiún . . . . . . . . | 29 |
| 2023/C 304/37 | Cás T-395/23: Caingean arna tabhairt an 13 Iúil 2023 – Eckes-Granini Group agus International Beer Breweries v EUIPO – Capri Sun (PRISUN) . . . . . . . . | 30 |
| 2023/C 304/38 | Cás T-397/23: Caingean arna tabhairt an 11 Iúil 2023 – Ausnit, Olariu și Asociații v an Coimisiún | 31 |
| 2023/C 304/39 | Cás T-730/22: Ordú na Cúirte Ginearálta an 12 Iúil 2023 – LG agus páirtithe eile v an Coimisiún . | 31 |

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

## Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

(2023/C 304/01)

**Foilseachán deiridh**

IO C 296, 21.8.2023

**Foilseacháin stairiúla**

IO C 286, 14.8.2023

IO C 278, 7.8.2023

IO C 271, 31.7.2023

IO C 261, 24.7.2023

IO C 252, 17.7.2023

IO C 235, 3.7.2023

Is féidir teacht ar na téacsanna sin anseo:

EUR-Lex: http://eur-lex.europa.eu

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS

## Achomharc arna thabhairt an 10 Márta 2023 ag Puma SE i gcoinne breithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Séú Dlísheomra) a tugadh an 21 Nollaig 2022 i gCás T-4/22, Puma v EUIPO — DN Solutions (PUMA)

**(Cás C-145/23 P)**

(2023/C 304/02)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Puma SE (ionadaithe: M. Schunke agus P. Trieb, Rechtsanwälte)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), DN Solutions Co. Ltd., ar a dtugtaí Doosan Machine Tools Co. Ltd.

Le hordú an 17 Iúil 2023, chinn an Chúirt Bhreithiúnais (an Dlísheomra a chinneann ar chóir ligean d'achomhairc dul ar aghaidh) nach gceadófaí dul ar aghaidh leis an achomharc agus gur cheart do Puma SE a chostais féin a íoc.

## Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Superior de Justicia de Cataluña (an Spáinn) an 24 Márta 2023 – CL agus páirtithe eile v DB, oidhre uilechoiteann ag FC agus Fondo de Garantía Salarial (FOGASA)

**(Cás C-196/23)**

(2023/C 304/03)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal Superior de Justicia de Cataluña

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* CL agus páirtithe eile

*Cosantóir:* DB, oidhre aonair ag FC agus Fondo de Garantía Salarial (FOGASA)

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An bhfuil reachtaíocht, amhail reachtaíocht na Spáinne, nach ndéantar foráil léi, i gcomhréir le hAirteagal 49.1[g)] de RDL 2/2015 an 23 Deireadh Fómhair, a mhéid a fhormheastar leis téacs athmhúnlaithe de Ley del Estatuto de los Trabajadores (Dlí maidir le Reacht na nOibrithe)[,] do thréimhse chomhairliúcháin i gcásanna go bhfoirceanntar níos mó conarthaí fostaíochta ná mar a fhoráiltear dó in Airteagal 1 de Threoir 98/59/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna ([1]), mar thoradh ar an bhfostóir a bheith ag dul ar scor, ar duine nádúrtha é, i gcomhréir le hAirteagal 2 den Treoir sin?

2) I gcás go dtugtar freagra diúltach ar an gceist sin, an bhfuil éifeacht dhíreach chothrománach ag Treoir 98/59, idir daoine príobháideacha?

---

([1]) IO 1998 L 225. Lch. 16.

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal da Concorrência, Regulação e Supervisão (an Phortaingéil) an 24 Aibreán 2023 — IMI — Imagens Médicas Integradas S.A. v Autoridade da Concorrência

## (Cás C-258/23, Imagens Médicas Integradas)

(2023/C 304/04)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal da Concorrência, Regulação e Supervisão

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* IMI — Imagens Médicas Integradas, S.A.

*Cosantóir:* Autoridade da Concorrência

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

I) An ionann 'cumarsáidí', chun críocha Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus na taifid ghnó, atá i gceist sa chás seo, arna seoladh trí ríomhphost?

II) An gcuirtear cosc le hAirteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ar urghabháil taifead gnó, atá mar thoradh ar chumarsáid a rinneadh idir bainisteoirí agus fostaithe i gcuideachtaí trí ríomhphost, nuair atá fiosrú á dhéanamh ar chomhaontuithe agus cleachtais arna dtoirmeasc de bhun Airteagal 101 CFAE (roimhe seo Airteagal 81 CCE)?

III) An gcuirtear cosc le hAirteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ar urghabháil taifead gnó den sórt sin, ar bhonn údarú roimh ré ó údarás breithiúnach, sa chás seo, an tIonchúisitheoir Poiblí, ar a bhfuil sé de dhualgas ionadaíocht a dhéanamh ar an Stát, na leasanna arna gcinneadh le dlí a chosaint, ionchúisimh choiriúla a dhéanamh ar bhonn phrionsabal na dlíthiúlachta agus an dlíthiúlacht dhaonlathach a chosaint i gcomhréir leis an méid a leagtar síos sa Bhunreacht agus a ghníomhaíonn go neamhspleách ar na húdaráis eile den rialtas lárnach, réigiúnach agus áitiúil?

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal da Concorrência, Regulação e Supervisão (an Phortaingéil) an 24 Aibreán 2023 —Synlabhealth II S.A. v Autoridade da Concorrência

## (Cás C-259/23, Synlabhealth II)

(2023/C 304/05)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal da Concorrência, Regulação e Supervisão

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Synlabhealth II S.A.

*Cosantóir:* Autoridade da Concorrência

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

I. An ionann 'cumarsáidí', chun críocha Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus na taifid ghnó, atá i gceist sa chás seo, arna seoladh trí ríomhphost?

II. An gcuirtear cosc le hAirteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ar urghabháil taifead gnó, atá mar thoradh ar chumarsáid a rinneadh idir bainisteoirí agus fostaithe i gcuideachtaí trí ríomhphost, nuair atá fiosrú á dhéanamh ar chomhaontuithe agus cleachtais arna dtoirmeasc de bhun Airteagal 101 CFAE (roimhe seo Airteagal 81 CCE)?

III. An gcuirtear cosc le hAirteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ar urghabháil taifead gnó den sórt sin, ar bhonn údarú roimh ré ó údarás breithiúnach, sa chás seo, an tIonchúisitheoir Poiblí, ar a bhfuil sé de dhualgas ionadaíocht a dhéanamh ar an Stát, na leasanna arna gcinneadh le dlí a chosaint, ionchúisimh choiriúla a dhéanamh ar bhonn phrionsabal na dlíthiúlachta agus an dlíthiúlacht dhaonlathach a chosaint i gcomhréir leis an méid a leagtar síos sa Bhunreacht agus a ghníomhaíonn go neamhspleách ar na húdaráis eile den rialtas lárnach, réigiúnach agus áitiúil?

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal da Concorrência, Regulação e Supervisão (an Phortaingéil) an 24 Aibreán 2023 — SIBS-Sociedade Gestora de Participações Sociais SA agus páirtithe eile v Autoridade da Concorrência**

**(Cás C-260/23, SIBS — Sociedade Gestora de Participações Sociais agus páirtithe eile)**

(2023/C 304/06)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal da Concorrência, Regulação e Supervisão

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* SIBS-Sociedade Gestora de Participações Sociais SA; SIBS, Cartões — Produção e Processamento de Cartões SA; SIBS Processos — Serviços Interbancários de Processamento SA; SIBS International SA; SIBS Pagamentos SA; SIBS Gest SA; SIBS Forward Payment Solutions SA; SIBS MB SA

*Cosantóir:* Autoridade da Concorrência

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

I. An ionann 'cumarsáidí', chun críocha Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus na taifid ghnó, atá i gceist sa chás seo, arna seoladh trí ríomhphost?

II. An gcuirtear cosc le hAirteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ar urghabháil taifead gnó, atá mar thoradh ar chumarsáid a rinneadh idir bainisteoirí agus fostaithe i gcuideachtaí trí ríomhphost, nuair atá fiosrú á dhéanamh ar chomhaontuithe agus cleachtais arna dtoirmeasc de bhun Airteagal 102 CFAE (roimhe seo Airteagal 82 CCE)?

III. An gcuirtear cosc le hAirteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ar urghabháil taifead gnó den sórt sin, ar bhonn údarú roimh ré ó údarás breithiúnach, sa chás seo, an tIonchúisitheoir Poiblí, ar a bhfuil sé de dhualgas ionadaíocht a dhéanamh ar an Stát, na leasanna arna gcinneadh le dlí a chosaint, ionchúisimh choiriúla a dhéanamh ar bhonn phrionsabal na dlíthiúlachta agus an dlíthiúlacht dhaonlathach a chosaint i gcomhréir leis an méid a leagtar síos sa Bhunreacht agus a ghníomhaíonn go neamhspleách ar na húdaráis eile den rialtas lárnach, réigiúnach agus áitiúil?

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Juzgado Central de Instrucción nº 6 de la Audiencia Nacional (an Spáinn) an 3 Bealtaine 2023 – Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh v I.R.O., F.J.L.R.**

**(Cás C-292/23)**

(2023/C 304/07)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Juzgado Central de Instrucción nº 6 de la Audiencia Nacional

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

*Cosantóirí:* I.R.O. agus F.J.L.R.

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear Airteagal 42(1) de Rialachán 2017/1939 ([1]) a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar fhoráil náisiúnta amhail Airteagal 90 de LO 9/2021 an 1 Iúil, lena n-eisiatar ó athbhreithniú breithiúnach gníomh nóis imeachta ó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige ar thríú páirtithe (sa chaoi a chuirtear in iúl) amhail an cinneadh ón Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach chun finnéithe a thoghairm i bhForaithne an 2/02/2023?

2. An gcaithfear Airteagail 6 agus 48 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 7 de Threoir (AE) 2016/343 ([2]) a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar fhoráil náisiúnta amhail Airteagal 90 i gcomhar le hAirteagail 42.1 agus 42.33 agus 43 de LO 9/2021 an 1 Iúil lena n-eisiatar ó athbhreithniú breithiúnach gníomh nóis imeachta ó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh amhail an cinneadh ón Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach chun tríú páirtí, ar measadh go réasúnta go raibh sé páirteach sna cionta atá faoi imscrúdú, a thoghairm mar fhinné?

3. An gcaithfear an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 86(3) CFAE a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar chóras athbhreithnithe bhreithiúnaigh amhail an córas dá bhforáiltear in Airteagail 90 agus 91 de LO 9/2021 a bhaineann le gníomhartha ó na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha arna dtabhairt faoi Airteagail 42.1 agus 43 de LO 9/2021, lena n-eisiatar ó athbhreithniú breithiúnach beart arna dhéanamh ag an Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach agus a chumhacht fiosrúcháin á feidhmiú aige, agus nach bhfuil aon choibhéis aige leis na rialacha nóis imeachta náisiúnta lena rialaítear agóid a dhéanamh in aghaidh cinntí arna n-eisiúint ag na Breithiúna fiosrúcháin agus a gcumhacht fiosrúcháin á feidhmiú acu?

4. An gcaithfear Airteagal 2 CAE[,] lena ndearbhaítear na luachanna is bonn leis an smacht reachta ar a bhfuil an tAontas bunaithe, i gcomhar leis an gceart chun leighis éifeachtaigh agus an ceart chun trialach leis na ráthaíochtaí uile atá in Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus prionsabal na héifeachtachta dá bhforáiltear sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar chóras athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar ghníomhartha ó na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha lena dteorannaítear na cásanna inar féidir agóid a dhéanamh go méid áirithe cásanna amhail an méid dá bhforáiltear i reachtaíocht na Spáinne in Airteagail 90 agus 91 de LO 9/2021?

([1]) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (IO 2017 L 283, lch. 1).

([2]) Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla (IO 2016 L 65, lch. 1)

**Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesgerichtshof (an Ghearmáin) a taisceadh an 10 Bealtaine 2023 – Zentrale zur Bekämpfung unlauteren Wettbewerbs eV v dm-drogerie markt Gmbh & Co.KG**

**(Cás C-296/23, dm-drogerie markt)**

(2023/C 304/08)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesgerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir ar phointe dlí:* Zentrale zur Bekämpfung unlauteren Wettbewerbs eV

*Freagróir ar achomharc ar phointe dlí:* dm-drogerie markt Gmbh & Co.KG

**An cheist a tharchuirtear**

An é nach gcumhdaítear faoi 'aon táscairí eile dá samhail', de réir bhrí an dara habairt d'Airteagal 72(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ([1]), ach táscairí i bhfógraíocht lena ndéantar beagní, ar bhonn ginearálta, ar an gcaoi chéanna leis na téarmaí a liostaítear go sainráite san fhoráil sin, d'airíonna na bithicíde maidir leis na rioscaí a bhaineann leis an táirge sin i ndáil le sláinte an duine, le sláinte ainmhithe nó leis an gcomhshaol nó maidir lena éifeachtúlacht, nó an dtagann faoi 'aon táscairí eile dá samhail' gach téarma lena léirítear go ndéantar beagní, maidir leis na rioscaí a bhaineann leis an táirge sin i ndáil le sláinte an duine, le sláinte ainmhithe nó leis an gcomhshaol nó maidir lena éifeachtúlacht, dóibh ar bhealach atá inchomparáide leis na téarmaí a liostaítear go nithiúil, gan gá go mbeadh sé de chineál ginearálta mar atá na téarmaí sin?

([1]) Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO 2012 L 167, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Sofiyski rayonen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 22 Bealtaine 2023 – Inspektorat kam Visshia sadeben savet**

**(Cás C-313/23, Inspektorat kam Visshia sadeben savet)**

(2023/C 304/09)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sofiyski rayonen sad

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Inspektorat kam Visshia sadeben savet

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear an dara fomhír d'Airteagal 19(1) [CAE], arna léamh i gcomhar leis an dara fomhír d'Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léiriú sa chaoi gur sáraítear leis é, ann féin nó faoi choinníollacha áirithe, an oibleagáid atá ar Bhallstáit leigheasanna dlí éifeachtacha chun athbhreithniú breithiúnach neamhspleách a áirithiú i gcás ina gcuirfear síneadh ama neamhtheoranta le feidhmeanna údarás, ar údarás é atá in ann pionóis araíonachta a fhorchur ar bhreithiúna agus ag a bhfuil cumhachtaí chun sonraí a bhailiú maidir lena sócmhainní, tar éis don téarma oifige arna leagan síos sa bhunreacht dul in éag? I gcás go gceadaítear síneadh den sórt sin ar na cumhachtaí sin, cad iad na coinníollacha a bhaineann leis sin?

2. An gcaithfear Airteagal 2(2)(a) de Rialachán (AE) 2016/679 ([1]) … ('An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí') a léiriú sa chaoi gurb é atá i gceist le nochtadh sonraí a thagann faoin rúndacht bhaincéireachta chun críoch sócmhainní breithiúna agus ionchúisitheoirí poiblí a scrúdú, a chuirfear ar fáil go poiblí níos déanaí, ná gníomhaíocht nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais? An mbeadh freagra difriúil air sin dá mbeadh baint ag an ngníomhaíocht sin freisin le nochtadh sonraí de bhaill teaghlaigh na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí sin nuair nach breithiúna nó ionchúisitheoirí poiblí iad féin iad?

3. I gcás gurb é freagra an dara ceist ná go bhfuil feidhm ag dlí an Aontais, an gcaithfear Airteagal 4(7) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a léiriú sa chaoi go gcinneann údarás breithiúnach, ar údarás é a cheadaíonn d'údarás Stáit eile rochtain ar sonraí maidir leis na hiarmhéideanna bainc atá ag breithiúna agus ionchúisitheoirí poiblí agus ag a mbaill teaghlaigh, críocha agus modhanna na próiseála de sonraí pearsanta agus, dá bhrí sin, gur 'rialaitheoir' é maidir le próiseáil sonraí pearsanta?

4. I gcás gurb é freagra an dara ceist ná go bhfuil feidhm ag dlí an Aontais agus go dtabharfar freagra diúltach ar an tríú ceist, an gcaithfear Airteagal 51 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a léiriú sa chaoi go bhfuil údarás breithiúnach a cheadaíonn d'údarás Stáit eile rochtain ar shonraí maidir leis na hiarmhéideanna bainc atá ag breithiúna agus ionchúisitheoirí poiblí agus ag a mbaill teaghlaigh freagrach as maoirseacht ar [chur i bhfeidhm] an Rialacháin sin agus, dá bhrí sin, nach mór é a aicmiú mar 'údarás maoirseachta' i leith na sonraí sin?

5. I gcás gurb é freagra an dara ceist ná go bhfuil feidhm ag dlí an Aontais agus go dtabharfar freagra dearfach ar an tríú ceist nó ar an gceathrú ceist, an gcaithfear Airteagal 32(1)(b) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus Airteagal 57(1)(a) den Rialachán sin a léiriú sa chaoi go bhfuil oibleagáid ar údarás breithiúnach a cheadaíonn d'údarás Stáit eile rochtain ar shonraí maidir leis na hiarmhéideanna bainc atá ag breithiúna agus ionchúisitheoirí poiblí agus ag a mbaill teaghlaigh, i gcás go bhfuil sonraí ann maidir le sárú ar an gcosaint i leith sonraí pearsanta a rinne an t-údarás dá dtabharfar an rochtain sin cheana, faisnéis a fháil ar na bearta a tógadh chun sonraí a chosaint agus a iomchuí is atá na bearta sin a chur san áireamh ina chinneadh maidir le rochtain a cheadú?

6. I gcás gurb é freagra an dara ceist ná go bhfuil feidhm ag dlí an Aontais agus beag beann ar na freagraí a thabharfar ar an tríú ceist agus ar an gceathrú ceist, an gcaithfear Airteagal 79(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léiriú sa chaoi, i gcás ina bhforáiltear sa dlí náisiúnta nach bhféadfaí catagóirí sonraí áirithe a nochtadh ach má tá cead ó chúirt, go bhfuil ar an gcúirt inniúil ina leith sin, ar a tionscnamh féin, cosaint dlí a thabhairt do na daoine a bhfuil a sonraí le nochtadh, trína ceangal ar an údarás a chur isteach ar rochtain ar na sonraí, agus gur eol go ndearna sé sáruithe ar an gcosaint i Leith sonraí pearsanta san am a chuaigh thart, faisnéis a chur ar fáil maidir leis na bearta a tógadh faoi Airteagal 33(3)(d) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus a gcur i bhfeidhm éifeachtach?

---

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO 2016 L 119, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Sofiyski rayonen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 23 Bealtaine 2023 – Inspektorat kam Visshia sadeben savet**

**(Cás C-316/23, Inspektorat kam Visshia sadeben savet)**

(2023/C 304/10)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sofiyski rayonen sad

**Páirtithe sna príomhimeachaí**

*Iarratasóir:* Inspektorat kam Visshia sadeben savet

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear an dara fomhír d'Airteagal 19(1) [CAE], arna léamh i gcomhar leis an dara fomhír d'Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léiriú sa chaoi gur sáraítear leis, ann féin nó faoi choinníollacha áirithe, an oibleagáid atá ar Bhallstáit leigheasanna dlí éifeachtacha chun athbhreithniú breithiúnach neamhspleách a áirithiú i gcás ina gcuirfear síneadh ama neamhtheoranta le feidhmeanna údarás, ar údarás é atá in ann pionóis araíonachta a fhorchur ar bhreithiúna agus ag a bhfuil cumhachtaí chun sonraí a bhailiú maidir lena sócmhainní, tar éis don téarma oifige arna leagan síos sa bhunreacht dul in éag? I gcás go gceadaítear síneadh den sórt sin ar na cumhachtaí sin, cad iad na coinníollacha a bhaineann leis sin?

2. An gcaithfear Airteagal 2(2)(a) de Rialachán (AE) 2016/679 ([1]) … ('An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí') a léiriú sa chaoi gurb é atá i gceist le nochtadh sonraí a thagann faoin rúndacht bhaincéireachta chun críoch sócmhainní breithiúna agus ionchúisitheoirí poiblí a scrúdú, a chuirfear ar fáil go poiblí níos déanaí, ná gníomhaíocht nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais? An mbeadh freagra difriúil air sin dá mbeadh baint ag an ngníomhaíocht sin freisin le nochtadh sonraí de bhaill teaghlaigh na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí sin nuair nach breithiúna nó ionchúisitheoirí poiblí iad féin iad?

3. I gcás gurb é freagra an dara ceist ná go bhfuil feidhm ag dlí an Aontais, an gcaithfear Airteagal 4(7) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a léiriú sa chaoi go gcinneann údarás breithiúnach, ar údarás é a cheadaíonn d'údarás Stáit eile rochtain ar sonraí maidir leis na hiarmhéideanna bainc atá ag breithiúna agus ionchúisitheoirí poiblí agus ag a mbaill teaghlaigh, críocha agus modhanna na próiseála de sonraí pearsanta agus, dá bhrí sin, gur 'rialaitheoir' é maidir le próiseáil sonraí pearsanta?

4. I gcás gurb é freagra an dara ceist ná go bhfuil feidhm ag dlí an Aontais agus go dtabharfar freagra diúltach ar an tríú ceist, an gcaithfear Airteagal 51 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a léiriú sa chaoi go bhfuil údarás breithiúnach a cheadaíonn d'údarás Stáit eile rochtain ar shonraí maidir leis na hiarmhéideanna bainc atá ag breithiúna agus ionchúisitheoirí poiblí agus ag a mbaill teaghlaigh freagrach as maoirseacht ar [chur i bhfeidhm] an Rialacháin sin agus, dá bhrí sin, nach mór é a aicmiú mar 'údarás maoirseachta' i leith na sonraí sin?

5. I gcás gurb é freagra an dara ceist ná go bhfuil feidhm ag dlí an Aontais agus go dtabharfar freagra dearfach ar an tríú ceist nó ar an gceathrú ceist, an gcaithfear Airteagal 32(1)(b) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus Airteagal 57(1)(a) den Rialachán sin a léiriú sa chaoi go bhfuil oibleagáid ar údarás breithiúnach a cheadaíonn d'údarás Stáit eile rochtain ar shonraí maidir leis na hiarmhéideanna bainc atá ag breithiúna agus ionchúisitheoirí poiblí agus ag a mbaill teaghlaigh, i gcás go bhfuil sonraí ann maidir le sárú ar an gcosaint i leith sonraí pearsanta a rinne an t-údarás dá dtabharfar an rochtain sin cheana, faisnéis a fháil ar na bearta a tógadh chun sonraí a chosaint agus a iomchuí is atá na bearta sin a chur san áireamh ina chinneadh maidir le rochtain a cheadú?

6. I gcás gurb é freagra an dara ceist ná go bhfuil feidhm ag dlí an Aontais agus beag beann ar na freagraí a thabharfar ar an tríú ceist agus ar an gceathrú ceist, an gcaithfear Airteagal 79(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léiriú sa chaoi, i gcás ina bhforáiltear sa dlí náisiúnta nach bhféadfaí catagóirí sonraí áirithe a nochtadh ach má tá cead ó chúirt, go bhfuil ar an gcúirt inniúil ina leith sin, ar a tionscnamh féin, cosaint dlí a thabhairt do na daoine a bhfuil a sonraí le nochtadh, trína ceangal ar an údarás a chur isteach ar rochtain ar na sonraí, agus gur eol go ndearna sé sáruithe ar an gcosaint i Leith sonraí pearsanta san am a chuaigh thart, faisnéis a chur ar fáil maidir leis na bearta a tógadh faoi Airteagal 33(3)(d) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus a gcur i bhfeidhm éifeachtach?

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO 2016 L 119, lch. 1).

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale di Lecce (an Iodáil) a taisceadh an 24 Bealtaine 2023 – ED v Ministero dell'Istruzione e del Merito, Istituto Nazionale della Previdenza Sociale (INPS)**

**(Cás C-322/23 Lufoni** [1]**)**

(2023/C 304/11)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunale di Lecce

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* ED

*Cosantóirí:* Ministero dell'Istruzione e del Merito, Istituto Nazionale della Previdenza Sociale (INPS)

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcuirtear cosc le Clásal 4 [den Chomhaontú Réime] de Threoir 99/70 [2] ar reachtaíocht náisiúnta amhail Airteagail 485 agus 489 d'Fhoraithne Reachtach Uimh 297/1994, Airteagal 11(14) de Dhlí Uimh. 124/99 agus Airteagal 4(3) d'Fhoraithne an Uachtaráin Uimh 399/88, lena ndéantar foráil maidir le fad na seirbhíse sular tháinig duine chun bheith ina bhall foirne buan a ríomh, ag cur san áireamh an tAirteagal 11(14) thuasluaite, go hiomlán ar feadh na chéad ceithre bliana amháin agus, do na blianta ina dhiaidh sin, measúnú dhá thrian chun críocha dlíthiúla agus eacnamaíocha agus an tríú cuid eile chun críocha eacnamaíocha amháin agus tar éis fad áirithe seirbhíse dá bhforáiltear in Airteagal 4(3) de Fhoraithne an Uachtaráin Uimh. 399/88 a bhaint amach?

2) In aon chás, chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil idirdhealú ann de réir bhrí Chlásal 4 [den Chomhaontú Réime] de Threoir 99/70, an gá an chúirt náisiúnta fad seirbhíse réamhbhunaithe a aithnítear tráth an teachta seirbhíse san fhoireann bhuan a chur san áireamh nó, a mhalairt sin, an gá an corpas iomlán rialacha a chur san áireamh maidir leis an gcaoi a gcaitear le fad na seirbhíse sin agus, dá bhrí sin, na rialacha lena bhforáiltear, i dtréimhsí i ndiaidh teacht isteach sa bhall foirne buan, chun fad iomlán seirbhíse a aisghabháil chun críocha tuarastail amháin?

---

[1] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

[2] Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 i ndáil leis an gComhaontú Réime maidir le hobair téarma shocraithe a thug ETUP, UNICE agus CEEP i gcrích (IO 1999 L 175, lch. 43).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Sofiyski rayonen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 25 Bealtaine 2023 – Inspektorat kam Visshia sadeben savet**

**(Cás C-332/23, Inspektorat kam Visshia sadeben savet)**

(2023/C 304/12)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sofiyski rayonen sad

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Inspektorat kam Visshia sadeben savet

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear an dara fomhír d'Airteagal 19(1) [CAE], arna léamh i gcomhar leis an dara fomhír d'Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léiriú sa chaoi gur sáraítear leis, ann féin nó faoi choinníollacha áirithe, an oibleagáid atá ar Bhallstáit leigheasanna dlí éifeachtacha chun athbhreithniú breithiúnach neamhspleách a áirithiú i gcás ina gcuirfear síneadh ama neamhtheoranta le feidhmeanna údarás, ar údarás é atá in ann pionóis araíonachta a fhorchur ar bhreithiúna agus ag a bhfuil cumhachtaí chun sonraí a bhailiú maidir lena sócmhainní, tar éis don téarma oifige arna leagan síos sa bhunreacht dul in éag? I gcás go gceadaítear síneadh den sórt sin ar na cumhachtaí sin, cad iad na coinníollacha a bhaineann leis sin?

2. An gcaithfear Airteagal 2(2)(a) de Rialachán (AE) 2016/679 ([1]) … ('An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí') a léiriú sa chaoi gurb é atá i gceist le nochtadh sonraí a thagann faoin rúndacht bhaincéireachta chun críoch sócmhainní breithiúna agus ionchúisitheoirí poiblí a scrúdú, a chuirfear ar fáil go poiblí níos déanaí, ná gníomhaíocht nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais? An mbeadh freagra difriúil air sin dá mbeadh baint ag an ngníomhaíocht sin freisin le nochtadh sonraí de bhaill teaghlaigh na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí sin nuair nach breithiúna nó ionchúisitheoirí poiblí iad féin iad?

3. I gcás gurb é freagra an dara ceist ná go bhfuil feidhm ag dlí an Aontais, an gcaithfear Airteagal 4(7) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a léiriú sa chaoi go gcinneann údarás breithiúnach, ar údarás é a cheadaíonn d'údarás Stáit eile rochtain ar sonraí maidir leis na hiarmhéideanna bainc atá ag breithiúna agus ionchúisitheoirí poiblí agus ag a mbaill teaghlaigh, críocha agus modhanna na próiseála de sonraí pearsanta agus, dá bhrí sin, gur 'rialaitheoir' é maidir le próiseáil sonraí pearsanta?

4. I gcás gurb é freagra an dara ceist ná go bhfuil feidhm ag dlí an Aontais agus go dtabharfar freagra diúltach ar an tríú ceist, an gcaithfear Airteagal 51 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a léiriú sa chaoi go bhfuil údarás breithiúnach a cheadaíonn d'údarás Stáit eile rochtain ar shonraí maidir leis na hiarmhéideanna bainc atá ag breithiúna agus ionchúisitheoirí poiblí agus ag a mbaill teaghlaigh freagrach as maoirseacht ar [chur i bhfeidhm] an Rialacháin sin agus, dá bhrí sin, nach mór é a aicmiú mar 'údarás maoirseachta' i leith na sonraí sin?

5. I gcás gurb é freagra an dara ceist ná go bhfuil feidhm ag dlí an Aontais agus go dtabharfar freagra dearfach ar an tríú ceist nó ar an gceathrú ceist, an gcaithfear Airteagal 32(1)(b) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus Airteagal 57(1)(a) den Rialachán sin a léiriú sa chaoi go bhfuil oibleagáid ar údarás breithiúnach a cheadaíonn d'údarás Stáit eile rochtain ar shonraí maidir leis na hiarmhéideanna bainc atá ag breithiúna agus ionchúisitheoirí poiblí agus ag a mbaill teaghlaigh, i gcás go bhfuil sonraí ann maidir le sárú ar an gcosaint i leith sonraí pearsanta a rinne an t-údarás dá dtabharfar an rochtain sin cheana, faisnéis a fháil ar na bearta a tógadh chun sonraí a chosaint agus a iomchuí is atá na bearta sin a chur san áireamh ina chinneadh maidir le rochtain a cheadú?

6. I gcás gurb é freagra an dara ceist ná go bhfuil feidhm ag dlí an Aontais agus beag beann ar na freagraí a thabharfar ar an tríú ceist agus ar an gceathrú ceist, an gcaithfear Airteagal 79(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léiriú sa chaoi, i gcás ina bhforáiltear sa dlí náisiúnta nach bhféadfaí catagóirí sonraí áirithe a nochtadh ach má tá cead ó chúirt, go bhfuil ar an gcúirt inniúil ina leith sin, ar a tionscnamh féin, cosaint dlí a thabhairt do na daoine a bhfuil a sonraí le nochtadh, trína ceangal ar an údarás a chur isteach ar rochtain ar na sonraí, agus gur eol go ndearna sé sáruithe ar an gcosaint i Leith sonraí pearsanta san am a chuaigh thart, faisnéis a chur ar fáil maidir leis na bearta a tógadh faoi Airteagal 33(3)(d) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus a gcur i bhfeidhm éifeachtach?

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO 2016 L 119, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Sofiyski gradski sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 30 Bealtaine 2023 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne M.S.S. agus páirtithe eile**

**(Cás C-338/23, Bravchev ([1]))**

(2023/C 304/13)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sofiyski gradski sad

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

M.S.S. agus páirtithe eile

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An bhfuil a leanas i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis na forálacha comhfhreagracha i ndlí na Bulgáire:

   — Gníomhartha arna ndéanamh ag dlíodóir atá ag cúisí a thugann, le linn na n-imeachtaí coiriúla, mar ionadaí dlíthiúil na cuideachta tráchtála atá ag an gcúisí, faoi idirbhearta (faoin dlí shibhialta) a bhfuil sé beartaithe d'aon ghnó leo na coinníollacha a chruthú i leith tarraingt as cás a éisteacht agus 'coimhlint leasa' idir an cúisí agus an breitheamh sna himeachtaí coiriúla faoi bun?

   I gcás go dtabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais freagra diúltach ar an gceist sin, fiafraítear an gceadaítear don dlíodóir a dhéanann ionadaíocht thar ceann an chúisí sin, atá tar éis a rannpháirtíocht mar ionadaí dlíthiúil de chuideachta atá ag an gcúisí in imeachtaí neamhbhreithiúnacha eile faoin dlí sibhialta a dhlisteanú go hoifigiúil, a bhfuil sé beartaithe d'aon ghnó leo coinníollacha saorga a chruthú i leith tarraingt as cás a éisteacht agus coimhlint leasa idir an cúisí agus an breitheamh sna himeachtaí coiriúla le linn na tréimhse atá na himeachtaí coiriúla ar bun, an cúisí a chosaint sna himeachtaí coiriúla sin.

2. A mhéid a thagann faoi inniúlacht na cúirte náisiúnta an cinneadh i dtaobh an bhfuil forais iarbhír ann chun tarraingt as cás a éisteacht, conas ba chóir an ceart dlíodóir a fháil in imeachtaí coiriúla, dá bhforáiltear i dTreoir 2013/48/AE ([2]), a thuiscint agus an ceart absalóideach é a bhaineann gan choinníoll ar bhonn pearsanta le dlíodóir ar leith? Conas a dhéanfar an neamhréireacht a réiteach idir, ar thaobh amháin, an ceart dlíodóir a fháil, dá bhforáiltear sa Treoir Eorpach, arna léiriú sa dlí náisiúnta, lena bhfuil an cúisí go hiomlán i dteideal dlíodóir a roghnú agus a threorú agus, ar an taobh eile, gníomhartha an dlíodóra sin a chabhraigh leis an gcúisí coinníollacha saorga a chruthú i dtaobh tarraingt as cás a éisteacht i ndáil leis an mbreitheamh is rapóirtéir?

3. Conas a dhéanfar an ceart atá ag na 13 chúisí eile chun faisnéise in imeachtaí coiriúla agus an ceart chun rochtain a fháil ar ábhair an cháis, dá bhforáiltear in Airteagal 7(2) agus (3) de Threoir 2012/13/AE ([3]), a léiriú agus a rialú i ndáil leis an iarratas i leith tarraingt as cás a éisteacht a thíolaic an dlíodóir faoi cheist agus i ndáil leis na doiciméid a ghabhann leis sin? Conas a dhéanfar na gníomhartha sin arna ndéanamh ag an dlíodóir a mheas i bhfianaise an chirt atá ag breithiúna, mar shaoránaigh den Aontas, maidir le meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh?

4. I gcás ina n-éiríonn le cúisí, go pearsanta nó mar gheall ar a chuideachta tráchtála, trí iompar d'aon ghnó agus gníomhach, coinníollacha le haghaidh coimhlint leasa a chruthú go saorga, an gcaithfear a mheas go hiarbhír gur 'coimhlint leasa' na coinníollacha sin agus an ionann iad agus brú ceilte chun na himeachtaí coiriúla a sheachaint?

5. An ionann an tarchur chun réamhrialú maidir leis na ceisteanna thuasluaite agus foras do dhlíodóir an chúisí faoi cheist chun imeachtaí araíonachta a thionscnamh agus a thabhairt i gcoinne bhreitheamh na cúirte náisiúnta a rinne an tarchur, tar éis don bhreitheamh sin gearán a dhéanamh leis na húdaráis inniúla náisiúnta nuair a luaithe agus a fuarthas amach faoi ghníomhartha an dlíodóra?

---

([1]) Tugtar ainm bréige sa chás seo, nach bhfreagraíonn d'fhíorainm aon pháirtí sna príomhimeachtaí.

([2]) Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart dlíodóir a fháil in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí a bhaineann le barántas gabhála Eorpach, agus maidir leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas ar chailleadh saoirse agus chun dul i dteagmháil le tríú páirtithe agus le húdaráis chonsalacha i gcás caillte saoirse (IO 2013 L 294, lch. 1).

([3]) IO 2012 L 142, lch. 1.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Vilniaus apygardos administracinis teismas (an Liotuáin) a taisceadh an 13 Meitheamh 2023 — SR, RB v Lietuvos Respublika**

**(Cás C-374/23, Adoreikė ([1]))**

(2023/C 304/14)

*Teanga an cháis: an Liotuáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Vilniaus apygardos administracinis teismas

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* SR, RB

*Cosantóir:* Lietuvos Respublika

**Na ceisteanna a tharchuirtear.**

1. An bhfuil luachanna an daonlathais, an smachta reachta, meas ar chearta an duine agus ar an gceartas, a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, agus forálacha an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, le léiriú mar luachanna lena dtugtar d'údaráis reachtacha agus feidhmiúcháin na mBallstát an lánrogha neamhshrianta eisiach chun luach saothair breithiúna a shocrú, trí reachtaíocht náisiúnta, ar ráta a bhraitheann ar thoil na n-údarás reachtach agus feidhmiúcháin amháin?

2. An bhfuil forálacha an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, chomh maith leo siúd in Airteagal 47 den Chairt [um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh], lena gcumhdaítear, *inter alia*, neamhspleáchas na mbreithiúna, le léiriú mar fhorálacha lena gceadaítear do na Ballstáit, trí reachtaíocht náisiúnta, rialacha a thabhairt isteach lena leagtar síos luach saothair breithiúna atá faoi bhun an luacha saothair nó na dtáillí arna socrú ag an Stát i leith comhaltaí de ghairmeacha dlí eile?

(1) Is ainm dlítheanaché ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

**Iarraidh ar réamhrialú ón Augstākā tiesa (Senāts) (an Laitvia) a taisceadh an 15 Meitheamh 2023 – SIA BALTIC CONTAINER TERMINAL v Valsts ieņēmumu dienests**

**(Cás C-376/23, BALTIC CONTAINER TERMINAL)**

(2023/C 304/15)

*Teanga an cháis: an Laitvis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Augstākā tiesa (Senāts)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir agus achomharcóir ar phointe dlí:* SIA BALTIC CONTAINER TERMINAL

*Cosantóir agus páirtí eile san achomharc ar phointe dlí:* Valsts ieņēmumu dienests

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

(1) An gceadaítear le hAirteagal 178(1)(b) agus (c) de Rialachán arna Tharmligean Uimh. 2015/2446, [1] i gcomhar le hAirteagal 214(1) de Chód Custaim an Aontais [2] an nós imeachta speisialta 'saorlimistéir' a chomhlíonadh gan an mháistir-uimhir thagartha (MUT) a bheith curtha sa chóras ríomhthaifead, ar máistir-uimhir thagartha í lena n-aithnítear an dearbhú custaim ar dá réir a chuimsítear na hearraí sa nós imeachta custaim ina dhiaidh sin?

(2) An gceadaítear, le hAirteagail 214(1) agus 215(1) de Chód Custaim an Aontais agus le hAirteagal 178(1)(b) agus (c) de Rialachán arna Tharmligean Uimh. 2015/2446, don duine lena mbaineann an nós imeachta speisialta 'saorlimistéir' an nós imeachta sin a chomhlíonadh ar bhonn nóta maidir le stádas custaim na n-earraí arna dhéanamh ag oifigeach údaráis custaim ar bhille iompair trucaile na n-earraí agus ar an mbonn sin amháin, gan fíorú dó féin go bhfuil stádas custaim na n-earraí bailí?

(3) Má thugtar freagra diúltach ar an dara ceist le haghaidh réamhrialú, cén méid fíorúcháin is leor i gcomhréir le hAirteagail 214(1) agus 215(1) de Chód Custaim an Aontais agus le hAirteagal 178(1)(b) agus (c) de Rialachán arna Tharmligean Uimh. 2015/2446 d'fhonn a chinneadh gur comhlíonadh an nós imeachta speisialta 'saorlimistéir' i gceart?

(4) An bhféadfadh ionchas dlisteanach a bheith ag an duine lena mbaineann an nós imeachta speisialta 'saorlimistéir' de bhun dearbhú ó na húdaráis custaim gur athraigh stádas custaim na n-earraí ó 'earraí nach earraí de chuid an Aontais' go '[h]earraí de chuid an Aontais', bíodh is nár tugadh sa dearbhú sin an chúis le hathrú stádais na n-earraí sin ná aon sonra lenar ceadaíodh an chúis sin a fhíorú?

(5) Má thugtar freagra diúltach ar an gceathrú ceist le haghaidh réamhrialú, an ionann é agus foras chun bheith díolmhaithe ón bhfiach custaim dá bhforáiltear faoi Airteagal 79(1)(a) agus 3(a) de Chód Custaim an Aontais, i bhfianaise an phrionsabail *res judicata* arna leagan amach sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais, gur rialaíodh, trí bhreithiúnas críochnaitheach, in imeachtaí eile os comhair cúirte náisiúnta, i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna leagan amach ag na húdaráis custaim, nach raibh aon sárú déanta ag an duine lena mbaineann i ndáil leis an nós imeachta 'saorlimistéir'?

(1) Rialachán arna Tharmligean (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha mionsonraithe i leith forálacha áirithe de chuid Chód Custaim an Aontais (IO 2015 L 343, lch. 1).

(2) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO 2013 L 269, lch. 1).

## Iarraidh ar réamhrialú ón Vestre Landsret (an Danmhairg) a taisceadh an 21 Meitheamh 2023 — Anklagemyndigheden v ILVA A/S

**(Cás C-383/23, ILVA)**

(2023/C 304/16)

*Teanga an cháis: an Danmhairgis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Vestre Landsret

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Achomharcóir:* Anklagemyndigheden

*Freagróir:* ILVA A/S

### Na ceisteanna a tharchuirtear:

1. An gá an téarma 'fiontar' [*gnóthas*] in Airteagal 83(4) go (6) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí [1] a thuiscint mar ghnóthas de réir bhrí Airteagal 101 agus Airteagal 102 CFAE, i gcomhar le haithris 150 den rialachán sin, agus cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le dlí iomaíochta an Aontais Eorpaigh, ionas go gcumhdófar leis an téarma 'gnóthas' aon eintiteas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch, beag beann ar stádas dlíthiúil an eintitis sin agus ar an gcaoi a maoinítear é?

2. Má thugtar freagra dearfach ar Cheist 1, ní mór Airteagal 83(4) go (6) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a léiriú ar an gcaoi nach mór, agus fíneáil á gearradh ar ghnóthas, aird a thabhairt ar láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda an eintitis eacnamaíoch a bhfuil an gnóthas ina chuid de, nó ar láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda an ghnóthais féin amháin?

(1) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

## Caingean arna tabhairt an 14 Iúil 2023 — Poblacht na Polainne v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh

**(Cás C-442/23)**

(2023/C 304/17)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Poblacht na Polainne (ionadaí: B. Majczyna, Gníomhaire)

*Cosantóirí:* Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

— Rialachán (AE) 2023/839 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/839 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/841 a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, leis na rialacha tuairiscithe agus comhlíontachta a shimpliú, agus lena leagtar amach spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030, agus Rialachán (AE) 2018/1999 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an bhfaireachán, an tuairisciú, an rianú ar dhul chun cinn agus ar an athbhreithniú, ([1]) a chur ar neamhní ina iomláine;

— a ordú do Pharlaimint na hEorpa agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Tarraingíonn an Pholainn na saincheisteanna dlí seo a leanas anuas i gcoinne Rialachán 2023/839 atá faoi chonspóid:

1. Saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagal 192(2)(c) CFAE

   Dar leis an bPolainn, sháraigh na hinstitiúidí atá ina gcosantóirí Airteagal 192(2)(c) CFAE trí mhainneachtain an rialachán atá faoi chonspóid a ghlacadh ar bhonn na forála sin den Chonradh, lena n-éilítear go mbeadh an Chomhairle ar aon toil, cé go ndéanann an rialachán atá faoi chonspóid difear suntasach do rogha Ballstáit idir foinsí éagsúla fuinnimh agus struchtúr ginearálta a sholáthair fuinnimh.

2. Saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh an tríú fleasc d'Airteagal 192(2)(b) CFAE

   Dar leis an bPolainn, sháraigh na hinstitiúidí atá ina gcosantóirí an tríú fleasc d'Airteagal 192(2)(b) trí mhainneachtain an rialachán atá faoi chonspóid a ghlacadh ar bhonn na forála sin den Chonradh, lena n-éilítear aontoilíocht sa Chomhairle, cé go ndéanann an rialachán atá faoi chonspóid difear d'úsáid talún sna Ballstáit.

3. Saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagal 4(1) agus 5(2) CAE

   Dar leis an bPolainn, sháraigh na hinstitiúidí atá ina gcosantóirí prionsabal na tabhartha cumhachtaí, ós rud é go mbunaítear leis an Rialachán atá faoi chonspóid oibleagáidí agus cuspóirí a chuireann isteach go mór ar an gcaoi a ndéantar bainistiú foraoisí sna Ballstáit, cé nach dtugtar inniúlacht don Aontas Eorpach i réimse na foraoiseachta leis na Conarthaí.

4. Saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta (Airteagal 5(4) CAE) agus ar phrionsabal an chomhionannais idir na Ballstáit (Airteagal 4(2) CAE) agus sárú ar Airteagal 191(2) CFAE

   Measann an Pholainn, tríd an rialachán atá faoi á chonspóid a ghlacadh, gur sháraigh na hinstitiúidí atá ina gcosantóirí prionsabal na comhréireachta, prionsabal an chomhionannais idir na Ballstáit agus gur mhainnigh siad aird leordhóthanach a thabhairt ar éagsúlacht na staideanna i réigiúin éagsúla an Aontais. D'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha, tromchúiseacha socheacnamaíocha agus airgeadais a bheith mar thoradh ar chomhlíonadh na ngealltanas agus na spriocanna maidir leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus aistrithe in earnáil LULUCF (earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta). Ina theannta sin, bunaítear leis an rialachán atá faoi chonspóid míchothromaíocht nach bhfuil údar léi idir leibhéil na ngealltanas agus na gcuspóirí idir na Ballstáit éagsúla.

5. Saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid anailís chuí a dhéanamh ar thionchar an rialacháin atá faoi chonspóid agus sárú ar Airteagal 191(3) CFAE.

   Dar leis an bPolainn sháraigh na hinstitiúidí atá ina gcosantóirí an oibleagáid measúnú tionchair leordhóthanach a sholáthar, ós rud é go bhfuil easnaimh bhunúsacha sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an Rialachán atá beartaithe maidir le tionchar na n-oibleagáidí agus na gcuspóirí a leagtar amach sa Rialachán ar Bhallstáit aonair. Ag an am céanna, níor tugadh aird leordhóthanach ar na sonraí eolaíochtúla agus teicniúla atá ar fáil, ar dhálaí comhshaoil i réigiúin éagsúla an Aontais, ar na tairbhí agus na costais a d'fhéadfadh a bheith ag baint le gníomhaíocht nó neamhghníomhaíocht, chomh maith le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais ina iomláine ná ar fhorbairt inbhuanaithe a réigiún, de shárú ar Airteagal 191(3) CFAE.

([1]) IO 2023, L 107, lch. 1

**Caingean arna tabhairt an 17 Iúil 2023 – Poblacht na Polainne v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh**

**(Cás C-444/23)**

(2023/C 304/18)

*Teanga an cháis: an Pholainnis.*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Poblacht na Polainne (ionadaí: B. Majczyna, Gníomhaire)

*Cosantóirí:* Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

— Rialachán (AE) 2023/851 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 a láidriú do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua i gcomhréir le huaillmhian aeráide mhéadaithe an Aontais ([1]) a chur ar neamhní ina iomláine;

— mar mhalairt air sin, Rialachán 2023/851 a chur ar neamhní i bpáirt, a mhéid a bhaineann sé le spriocanna astaíochtaí a bhunú do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua, a bheidh infheidhme ón 1 Eanáir 2035, mar a leagtar amach in Airteagal 1(1)(b) den Rialachán sin, má chinneann an Chúirt Bhreithiúnais nach dtugann na pléadálacha a ardaíodh údar cuí leis an iarratas ar an rialachán sin a chur ar neamhní ina iomláine;

— a ordú do Pharlaimint na hEorpa agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

1. Saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 192(2)(c) CFAE

   Dar leis an bPolainn, sháraigh na hinstitiúidí atá ina gcosantóirí Airteagal 192(2)(c) CFAE trí mhainneachtain an rialachán atá faoi chonspóid a ghlacadh ar bhonn na forála sin den Chonradh, lena n-éilítear aontoilíocht sa Chomhairle, cé go ndéanann an rialachán atá faoi chonspóid difear suntasach do rogha Ballstáit idir foinsí éagsúla fuinnimh agus struchtúr ginearálta a sholáthair fuinnimh.

2. Saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 3(1) agus (3) CAE, Airteagal 9 CFAE, agus Airteagal 6(1) CAE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh

   Measann an Pholainn, trí na spriocanna astaíochtaí a leagan síos do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua dá bhforáiltear in Airteagal 1(1)(b) den Rialachán atá faoi chonspóid, a mbeidh tionchar tromchúiseach aige ar thionscal gluaisteán na hEorpa agus ar earnálacha eacnamaíocha gaolmhara agus ar an tsochaí, gur sháraigh reachtas an Aontais a oibleagáid dea-bhail phobail an Aontais a chur chun cinn (Airteagal 3(1) CAE), an oibleagáid ceartas sóisialta a chur chun cinn, an oibleagáid fás eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn agus comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit a chur chun cinn (Airteagal 3(3) CAE), an oibleagáid aird a thabhairt ar na ceanglais atá nasctha le hardleibhéal fostaíochta a chur chun cinn agus leis an eisiamh sóisialta a chomhrac (Airteagal 9 CFAE), chomh maith leis an toirmeasc ar idirdhealú ar fhorais maoine faoin gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (Airteagal 21(1).

3. Saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta (Airteagal 5(4)) CAE) agus sárú ar Airteagal 191(2) CFAE

Tá an Pholainn den tuairim nach bhfuil forálacha an Rialacháin atá faoi chonspóid ag luí le prionsabal na comhréireachta toisc, ar an gcéad dul síos, nach bhfuil siad oiriúnach chun cuspóirí Airteagal 191(2) CFAE a bhaint amach agus, ar an dara dul síos, go bhfuil na míbhuntáistí a thagann as, lena n-áirítear costais, go follasach díréireach leis na haidhmeanna atá á saothrú. Dár leis an Pholainn, is mó i bhfad na costais a bhaineann le geilleagair agus sochaithe san Aontas a chur in oiriúint do na caighdeáin láidrithe i ndáil le laghduithe ar astaíochtaí CO2 a leagtar síos sa Rialachán atá faoi chonspóid ná na tairbhí a eascraíonn astu. Cuirtear ualaí iomarcacha leis an rialachán atá faoi chonspóid i leith an aistriú i dtreo soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha, ar shaoránaigh na hEorpa, go háirithe orthu siúd nach bhfuil chomh saibhir céanna, agus ar earnáil ghnó mótarfheithiclí na hEorpa. Tá an baol ann go mbeidh tionchar diúltach tromchúiseach ag an rialachán atá faoi chonspóid ar thionscal gluaisteán na hEorpa, ar eisiamh sóisialta, ar eisiamh iompair i gcás daoine bochta agus go leathnófaí an bhearna idir na saoránaigh i gcaighdeáin mhaireachtála. Ina theannta sin, ní thugtar aird leordhóthanach sa rialachán atá faoi chonspóid ar éagsúlacht na staideanna i réigiúin éagsúla an Aontais Eorpaigh, as a dtagann sárú ar Airteagal 191(2) CFAE.

4) Saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid anailís chuí a dhéanamh ar thionchar an rialacháin atá faoi chonspóid agus sárú ar Airteagal 191(3) CFAE

Dár leis an Pholainn, sháraigh na hinstitiúidí atá ina gcosantóirí an oibleagáid measúnú tionchair leordhóthanach a sholáthar, ós rud é go bhfuil easnaimh bhunúsacha sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an Rialachán atá beartaithe maidir le tionchar na n-oibleagáidí agus na gcuspóirí a leagtar amach sa Rialachán ar Bhallstáit aonair. Ag an am céanna, níor cuireadh san áireamh go leordhóthanach na sonraí eolaíocha agus teicniúla atá ar fáil, na tairbhí agus na costais a d'fhéadfadh a bheith ag baint le gníomhaíocht nó neamhghníomhaíocht, chomh maith le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais ina iomláine ná forbairt inbhuanaithe a réigiún, de shárú ar Airteagal 191(3) CFAE.

---

([1]) IO 2023, L 110, lch. 5

---

**Caingean arna tabhairt an 17 Iúil 2023 – Poblacht na Polainne v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh**

**(Cás C-445/23)**

(2023/C 304/19)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Poblacht na Polainne (ionadaí: B. Majczyna, Gníomhaire)

*Cosantóirí:* Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

— Cinneadh (AE) 2023/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 a mhéid a bhaineann le méid na lamháltas atá le cur i gcúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa go dtí 2030 ([1]);

— a ordú do Pharlaimint na hEorpa agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

1. Saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagal 192(2)(c) CFAE

Dar leis an bPolainn, sháraigh na hinstitiúidí atá ina gcosantóirí Airteagal 192(2)(c) CFAE trí mhainneachtain an rialachán atá faoi chonspóid a ghlacadh ar bhonn na forála sin den Chonradh, lena n-éilítear aontoilíocht sa Chomhairle, cé go ndéanann an rialachán atá faoi chonspóid difear suntasach do rogha Ballstáit idir foinsí éagsúla fuinnimh agus struchtúr ginearálta a sholáthair fuinnimh.

2. Saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh prionsabal na dlúthpháirtíochta fuinnimh a leagtar síos in Airteagal 194(1)(b) CFAE

Dar leis an bPolainn, sháraigh na hinstitiúidí atá ina gcosantóirí Airteagal 194(1)(b) CFAE trí na luachanna a leagtar amach in Airteagal 1(5) CFAE de Chinneadh 2015/1814 a choimeád ar bun don tréimhse 2024-2030 – lena gcuirtear slándáil fuinnimh na Polainne i mbaol – gan leasanna na mBallstát éagsúil lena mbaineann a chur san áireamh agus gan a leasanna a chothromú i gcoinne leasanna an Aontais.

3. Saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagal 3(1) agus (3) CAE, trí Chinneadh 2023/852 a ghlacadh lena mbaintear an bonn d'fholláine phobail an Aontais Eorpaigh agus den chomhtháthú sóisialta idir na Ballstáit

Dar leis an bPolainn, sháraigh na hinstitiúidí atá ina gcosantóirí Airteagal 3(1) agus (3) CAE, trí Chinneadh 2023/852 a ghlacadh, a d'fhéadfadh laghdú ar an bhfostaíocht mhianadóireachta agus méadú ar an dífhostaíocht dá bharr, rud a mhéadóidh leibhéal na n-éagothromaíochtaí sóisialta idir na Ballstáit agus a mhéadóidh an t-eisiamh sóisialta.

4. Saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagal 13(2) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2015/1814, trí mheasúnú tionchair neamhleor agus trí shárú ar phrionsabal na comhréireachta (Airteagal 5(4) CAE)

Dar leis an bPolainn, sháraigh na hinstitiúidí atá ina gcosantóirí Airteagal 13(2) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2015/1814, trí Chinneadh 2023/852 a ghlacadh ar bhonn measúnú tionchair neamhiomlán, as dáta agus earráideach, a tarraingíodh suas ar bhonn sonraí nár cuireadh san áireamh iontu ionsaí armtha na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus an ghéarchéim fuinnimh a d'eascair aisti. Sháraigh na hinstitiúidí atá ina gcosantóirí prionsabal na comhréireachta freisin (Airteagal 5(4) CAE) trí na luachanna a leagtar amach in Airteagal 1(5) CFAE de Chinneadh 2015/1814 a choimeád ar bun don tréimhse 2024-2030 gan aon anailís iontaofa a thabharfadh údar le cinneadh den sórt sin.

[1] IO 2023 L 110, lch. 21

**Caingean arna tabhairt an 17 Iúil 2023 – An Coimisiún Eorpach v Poblacht na Polainne**

**(Cás C-448/23)**

(2023/C 304/20)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: C. Ladenburger, P.J.O. Van Nuffel, K. Herrmann, Gníomhairí)

*Cosantóir:* Poblacht na Polainne

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt:

— a dhearbhú, i bhfianaise léiriú an Trybunał Konstytucyjny (Cúirt Bhunreachtúil, an Pholainn) ar Bhunreacht na Polainne ina breithiúnais an 14 Iúil 2021 (Cás P 7/20) agus an 7 Deireadh Fómhair 2021 (Cás K 3/21), nár chomhlíon Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach;

— a dhearbhú, i bhfianaise léiriú an Trybunał Konstytucyjny (Cúirt Bhunreachtúil, an Pholainn) ar Bhunreacht na Polainne ina breithiúnais an 14 Iúil 2021 (Cás P 7/20) agus an 7 Deireadh Fómhair 2021 (Cás K 3/21), nár chomhlíon Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoi phrionsabail ghinearálta an neamhspleáchais, na tosaíochta, na héifeachtachta agus chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais agus faoi phrionsabal éifeacht cheangailteach bhreithiúnais na Cúirte Breithiúnais;

— a dhearbhú, toisc nár chomhlíon an Trybunał Konstytucyjny (Cúirt Bhunreachtúil, an Pholainn) ceanglais bhinse neamhspleách neamhchlaon arna bhunú roimh ré le dlí mar thoradh ar neamhrialtachtaí sna nósanna imeachta ceapacháin do thriúr breithiúna den Chúirt sin i mí na Nollag 2015 agus sa nós imeachta chun a hUachtarán a cheapadh i mí na Nollag 2016, gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE;

— a ordú do Phoblacht na Polainne na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Lena chéad agus a dara saincheist dlí, déanann an Coimisiún dhá bhreithiúnas ón Trybunał Konstytucyjny (Cúirt Bhunreachtúil, an Pholainn) 'an Chúirt Bhunreachtúil' an 7 Deireadh Fómhair 2021 (Cás K 3/21) agus an 14 Iúil 2021 (Cás 7/20). Sáraíonn an cásdlí seo oibleagáidí éagsúla ach ghaolmhara mar sin féin a fhorchuirtear ar an bPolainn le Conarthaí an Aontais. Baineann an chéad shaincheist dlí le sárú sna breithiúnais thuasluaite, ar an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais, go háirithe i mbreithiúnais an 2 Márta 2021, *A.B. agus páirtithe eile*, C-824/18 (ECLI:AE: C:2021:153.) agus an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż.*, C-487/19 (EU:C:2021:798), ós rud é go ndearna an Chúirt Bunreachtúil léiriú ar Bhunreacht na Polainne a bhaineann le ceanglais an Aontais maidir le cosaint éifeachtach bhreithiúnach ag binse neamhspleách neamhchlaon arna bhunú roimh ré le dlí, a bhí ró-chúng, earráideach agus ar bhealach a thug neamhaird go follasach ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais an Aontais Eorpaigh. Baineann an dara saincheist dlí le sárú sna breithiúnais sin ag an gCúirt Bunreachtúil ar phrionsabal na tosaíochta, an neamhspleáchais, na héifeachtúlachta agus chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais agus éifeacht cheangailteach chinntí breithiúnacha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, mar an Chúirt Bhunreachtúil sna breithiúnais sin, a rinneadh neamhaird aontaobhach ar phrionsabail na tosaíochta, na héifeachtachta in Airteagail 2, 4(3) agus 19(1) CAE agus Airteagal 279 CFAE arna léiriú agus arna gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach ag an gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus d'ordaigh sí d'údaráis uile na Polainne forálacha an Chonartha sin a dhífheidhmiú.

Leis an tríú saincheist dlí, áitíonn an Coimisiún nach dtugann an Chúirt Bhunreachtúil ráthaíochtaí do bhinse neamhspleách agus neamhchlaonta a bunaíodh roimh ré le dlí de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt, (i) mar thoradh ar neamhrialtachtaí follasacha i gceapacháin chuig poist bhreithiúnacha ag an gCúirt Bhunreachtúil i mí na Nollag 2015 de bharr sárú follasach ar dhlí bunreachtúil na Polainne agus (ii) mar thoradh ar neamhrialtachtaí follasacha sa nós imeachta chun Uachtarán na Cúirte Bunreachtúla a thoghadh i mí na Nollag 2016. I bhfianaise ghníomhaíochtaí na Cúirte Bunreachtúla leis na daoine a cheaptar amhlaidh, ardaítear amhras réasúnach maidir le neamhchlaontacht agus neamh-thréscaoilteacht na Cúirte i leith tosca seachtracha.

---

## Caingean arna tabhairt an 18 Iúil 2023 – Poblacht na Polainne v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh

**(Cás C-451/23)**

(2023/C 304/21)

*Teanga an cháis:an Pholainnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Poblacht na Polainne (ionadaí: B. Majczyna, Gníomhaire)

*Cosantóirí:* Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

— Rialachán (AE) 2023/857 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/842 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus Rialachán (AE) 2018/1999 ([1]) a chur ar neamhní ina iomláine;

— a ordú do Pharlaimint na hEorpa agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

1. Saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagal 192(2)(c) CFAE

   Dar leis an bPolainn, sháraigh na hinstitiúidí atá ina gcosantóirí Airteagal 192(2)(c) CFAE trí mhainneachtain an rialachán atá faoi chonspóid a ghlacadh ar bhonn na forála sin den Chonradh, lena n-éilítear aontoilíocht sa Chomhairle, cé go ndéanann an rialachán atá faoi chonspóid difear suntasach do rogha Ballstáit idir foinsí éagsúla fuinnimh agus struchtúr ginearálta a sholáthair fuinnimh.

2. Saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na dlúthpháirtíochta fuinnimh a leagtar síos in Airteagal 194(1)(b) CFAE

   Dar leis an bPolainn, sháraigh na hinstitiúidí atá ina gcosantóirí Airteagal 194(1)(b) CFAE trí sprioc laghdaithe gás ceaptha teasa an Aontais agus spriocanna laghdaithe aonair na mBallstát a mhéadú go 40 %, – rud a chuireann slándáil fuinnimh na Polainne i mbaol – toisc nár cuireadh leasanna na mBallstát éagsúil lena mbaineann san áireamh agus nach ndéantar a leasanna a chothromú le leasanna an Aontais.

3. Saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 5(4) CAE

   Dar leis an bPolainn, sháraigh na hinstitiúidí atá ina gcosantóirí prionsabal na comhréireachta trí sprioc laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais agus spriocanna aonair na mBallstát a mhéadú go 40 % ar bhonn anailís mhícheart sa mheasúnú tionchair, anailís a bhí neamhiomlán, earráideach agus a bhí bunaithe ar shonraí atá as dáta.

4. Saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal an chomhair dhílis a leagtar síos in Airteagal 4(3) CAE

   Dar leis an bPolainn, sháraigh na hinstitiúidí atá ina gcosantóirí prionsabal an chomhair dhílis trí spriocanna maidir le laghdú a leagan síos i Rialachán 2023/857 (i) ar bhonn staid shóisialta, eacnamaíoch agus pholaitiúil nach léiríonn an staid mar atá faoi láthair agus (ii) dínasctha ó inniúlachtaí iarbhír na mBallstát.

([1]) IO 2023 L 111, lch. 1

# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 12 Iúil 2023 — Net Technologies Finland v REA**

**(Cás T-358/20)** [1]

***(Clásal eadrána – Seachtú creatchlár le haghaidh taighde, forbairt teicneolaíochta agus gníomhaíochtaí taispeántais (2007-2013) – Costais phearsanra – Aisíocaíocht suimeanna arna n-íoc – Incháilitheacht costas a bhaineann le sainchomhairleoirí inmheánacha – Dualgas cruthúnais)***

(2023/C 304/22)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Net Technologies Finland Oy (Heilsincí, an Fhionlainn) (ionadaí: S. Pappas, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde (ionadaithe: S. Payan-Lagrou agus V. Canetti, Gníomhairí, le cúnamh ó M. Le Berre, Dlíodóir)

**Ábhar**

Lena chaingean ar bhonn Airteagal 272 CFAE, iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta a dhearbhú, ar an gcéad dul síos, go bhfuil na costais a bhaineann le comhairleoirí inmheánacha incháilithe agus, ar an dara dul síos, go bhfuil na héilimh ar aisíocaíocht de EUR 171 342,97 agus EUR 17 134,30 i ndáil le ranníocaíocht gan údar agus damáistí leachtaithe, faoi seach, gan bhunús.

**An chuid oibríochtúil**

1) Is costais incháilithe faoin gcomhaontú deontais arna dtabhairt i gcrích chun an tionscadal 'Inter System Interoperability for Tetra — Tetrapol Networks' a chur chun feidhme, dár tagairt FP7SEC2012312484, iad na costais a bhaineann le comhairleoirí inmheánacha, ar dhiúltaigh an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde (REA) dóibh ar shuim EUR 184 642,84.

2) Tá nótaí dochair Uimh. 3242005825, maidir le haisghabháil EUR 171 342,97 mar ranníocaíocht gan údar, agus Uimh. 3242005872, maidir le EUR 17 134,30 a aisghabháil trí bhíthin damáistí leachtaithe, arna n-eisiúint ag REA, gan bhunús.

3) Ordaítear do REA na costais a íoc, lena n-áirítear na costais a bhaineann leis na himeachtaí eatramhacha.

[1] IO C 279, 24.8.2020.

---

**Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 12 Iúil 2023 — An Ungáir v an Coimisiún**

**(Cás T-491/21)** [1]

***(EAGF and EAFRD – Caiteachas atá eisiata ó mhaoiniú – Caiteachas arna thabhú ag an Ungáir – Cosc ar chistiú dúbailte – Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 – Airteagal 28(1)(b) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 – Cabhair um fhoraoisiú – Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 – Cabhair um ghlasú – Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 – Carnadh na cabhrach)***

(2023/C 304/23)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* An Ungáir (ionadaithe: M. Fehér agus G. Koós, Gníomhairí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe J. Aquilina, A. Sauka agus Z. Teleki, Gníomhairí)

**Ábhar**

Leis an gcaingean ar bhonn Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/988 ón gCoimisiún dar dáta an 16 Meitheamh 2021, lena n-eisiatar ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh caiteachas áirithe arna thabhú ag na Ballstáit faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO 2021 L 218, lch. 9) a chur ar neamhní a mhéid a d'fhorchuir sí ceartú airgeadais aonuaire EUR 1 887 692,57 uirthi le haghaidh na mblianta airgeadais 2016 go 2019.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear don Ungáir na costais a íoc.

---

([1]) IO C 401, 4.10.2021.

---

**Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 12 Iúil 2023 — Innovaciones Cosmetico Farmacéuticas v EUIPO — Benito Oliver (th pharma)**

**(Cás T-27/22)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais TH PHARMA – Marc fíortha náisiúnta níos luaithe TH – Foras coibhneasta le diúltú – Dóchúlacht mhearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Fíorúsáid an mhairc níos luaithe – Airteagal 47 (2) agus (3) de Rialachán 2017/1001)***

(2023/C 304/24)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Innovaciones Cosmetico Farmacéuticas SL (Alhama de Murcia, an Spáinn) (ionadaithe: Temiño Ceniceros agus F. Ortega Sánchez, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: J. Crespo Carrillo, Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc, idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Miguel Ángel Benito Oliver (Pont D'Inca Marratxi, an Spáinn) (ionadaí: J. Mora Cortés, Dlíodóir)

**Ábhar:**

Lena chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an cinneadh ón gCéad Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 9 Samhain 2021 (Cás R 1605/2020-1) a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Innovaciones Cosmetico Farmacéuticas SL na costais a íoc.

([1]) IO C 109, 7.3.2022.

**Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 12 Iúil 2023 — Cunsorziu di i Salamaghji Corsi — Consortium des Charcutiers Corses agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás T-34/22)** ([1])

***(Tásc geografach faoi chosaint – Sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint – Iarratais ar thásca geografacha faoi chosaint 'Jambon sec de l'Île de Beauté', 'Lonzo de l'Île de Beauté' agus 'Coppa de l'Île de Beauté' – Ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Jambon sec de Corse — Prisuttu', 'Lonzo de Corse — lonzu' agus 'Coppa de Corse — Coppa di Corsica' – Oiriúnacht na n-ainmneacha – Tabhairt chun cuimhne – Airteagal 7(1)(a) agus Airteagal 13(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 – Raon feidhme athbhreithniú an Choimisiúin ar iarratais ar chlárú – Airteagal 50(1) agus Airteagal 52(1) de Rialachán Uimh. 1151/2012 – Earráid mheasúnaithe)***

(2023/C 304/25)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Cunsorziu di i Salamaghji Corsi — Consortium des Charcutiers Corses (Borgo, an Fhrainc) agus na 9 n-iarratasóirí eile a bhfuil a n-ainmneacha san iarscríbhinn a ghabhann leis an mbreithiúnas (ionadaithe: T. de Haan agus V. Le Meur-Baudry, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: M. Konstantinidis, C. Perrin agus B. Rechena, Gníomhairí)

**Ábhar**

Leis an gcaingean ar bhonn Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go gcuirfí ar neamhní Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1879 ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2021 lena ndiúltaítear do thrí iarratas ar chosaint ainm mar thásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 52(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('Jambon sec de l'Xle de Beauté' (TGFC), 'Lonzo de l'Île de Beauté' (PGI), 'Coppa de l'Île de Beauté' (TGFC)) (IO 2021 L 383, lch. 1).

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Cunsorziu di i Salamaghji Corsi — Consortium des Charcutiers Corses agus na hiarratasóirí eile a bhfuil a n-ainmneacha san iarscríbhinn chun a gcostais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc.

([1]) IO C 109, 7.3.2022.

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 29 Meitheamh 2023 – KF v BEI**

**(Cás T-318/21)** ([1])

***(Státseirbhís – Foireann BEI – Coiste Easláine – Diúltú an easláine a aithint – Diúltú d'achomharc riaracháin – Lis pendens – Do-ghlacthacht)***

(2023/C 304/26)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* KF (ionadaí: L. Levi, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Banc Eorpach Infheistíochta (ionadaithe: K. Carr, G. Faedo agus J. Pawlowicz, Gníomhairí, le cúnamh ó B. Wägenbaur, Dlíodóir)

**Ábhar:**

Lena caingean de bhun Airteagal 270 CFAE agus Airteagal 50a de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, iarrann an t-iarratasóir, go príomha, go gcuirfí an Cinneadh ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) an 13 Deireadh Fómhair 2020, lenar cuireadh in iúl di nach raibh sí in easláine ar neamhní, agus Cinneadh ón mBanc an 9 Márta 2021 lenar diúltaíodh dá hiarratas ar achomharc riaracháin a thionscnamh in aghaidh Chinneadh an 13 Deireadh Fómhair 2020 ar neamhní, agus mar mhalairt air sin, iarrann an t-iarratasóir cúiteamh ar an damáiste a bhain di as diaidh na gcinntí úd.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean as bheith do-ghlactha.

2. Ordaítear don Bhanc Eorpach Infheistíochta (BEI) na costais a íoc.

(1) IO C 297, 26.7.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 27 Meitheamh 2023 – Konings v EUIPO – Manuel Busto Amandi (MAY GOLD)**

**(Cás T-112/23)** (1)

***((Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhnithe – Tarraingt siar an iarratais ar chúlghairm – Cás nach gá dul ar aghaidh chun breithiúnais leis))***

(2023/C 304/27)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Konings NV (Zonhoven, an Bheilg) (ionadaithe: K. Neefs, S. de Potter agus T. Baetens, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) P.-F. Karamolegkou agus E. Markakis, Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Manuel Busto Amandi, SA (Villaviciosa, an Spáinn) (ionadaí: J. Vicente Martínez, Dlíodóir)

**Ábhar**

Trína chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 28 Samhain 2022 (Cás R 1778/2021-4) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní gá breithniú a dhéanamh ar an ngníomh a thuilleadh.

2) Ordaítear do Konings NV agus Manuel Busto Amandi, SA a gcostais féin a íoc agus do gach ceann acu a leath féin de na costais arna dtabhú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a íoc.

(1) IO C 134, 17.4.2023.

**Caingean arna tabhairt an 5 Iúil 2023 – Väderstad v EUIPO (Suíomh teaglaim de ghnéithe cur i láthair)**

**(Cás T-361/23)**

(2023/C 304/28)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Väderstad Holding AB (Väderstad, an tSualainn) (ionadaí: A. Rasmussen, Dlíodóir)

*Cosantóir*: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh lena léirítear suíomh teaglaim de ghnéithe cur i láthair – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 131 019

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 13 Aibreán 2023 i gcás R 58/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— mar éileamh táinisteach, an cinneadh atá faoi chonspóid i ndáil leis na hearraí in aicme 7 a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal (7)(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 5 Iúil 2023 – Väderstad v EUIPO (Suíomh teaglaim de ghnéithe cur i láthair)**

**(Cás T-362/23)**

(2023/C 304/29)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Väderstad Holding AB (Väderstad, an tSualainn) (ionadaí: A. Rasmussen, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh lena léirítear suíomh teaglaim de ghnéithe cur i láthair – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 131 026

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 13 Aibreán 2023 i gcás R 59/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— mar éileamh táinisteach, an cinneadh atá faoi chonspóid i ndáil leis na hearraí in aicme 7 a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

## Caingean arna tabhairt an 5 Iúil 2023 – Väderstad v EUIPO (Suíomh teaglaim de ghnéithe cur i láthair)

**(Cás T-363/23)**

(2023/C 304/30)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Väderstad Holding AB (Väderstad, an tSualainn) (ionadaí: A. Rasmussen, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc i gceist:* Iarratas ar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh lena léirítear suíomh teaglaim de ghnéithe cur i láthair – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 131 034

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 13 Aibreán 2023 i gCás R 61/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— mar éileamh táinisteach, an cinneadh atá faoi chonspóid i ndáil leis na hearraí in aicme 7 a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Saincheist dlí arna maíomhSárú ar Airteagal (7)(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

## Caingean arna tabhairt an 5 Iúil 2023 – Väderstad v EUIPO (Suíomh teaglaim de ghnéithe cur i láthair)

**(Cás T-364/23)**

(2023/C 304/31)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Väderstad Holding AB (Väderstad, an tSualainn) (ionadaí: A. Rasmussen, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

## Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh lena léirítear suíomh teaglaim de ghnéithe cur i láthair – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 131 030

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 13 Aibreán 2023 i gCás R 60/2021-2

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— mar éileamh táinisteach, an cinneadh atá faoi chonspóid i ndáil leis na hearraí in aicme 7 a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

## Saincheist dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal (7)(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

# Caingean arna tabhairt an 6 Iúil 2023 – Habitat Barcelona Unión Constructora v EUIPO – Acomodeo Marketplace (ACOMODEO)

**(Cás T-365/23)**

(2023/C 304/32)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Habitat Barcelona Unión Constructora SL (Barcelona, an Spáinn) (ionadaí: R. Guerras Mazón, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Acomodeo Marketplace GmbH (Frankfurt am Main, an Ghearmáin)

## Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Iarratasóir an trádmhairc atá faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh 'ACOMODEO' – Trádmharc Uimh. 15 523 863

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí cealaithe

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 28 Márta 2023 i gCás 713/2022-4

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus diúltú don trádmharc atá i gceist do gach seirbhís in Aicmí 35, 38 agus 42;

— a ordú do EUIPO agus don pháirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc, má dhéanann sé idirghabháil, na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagail 60(1)(a) agus 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 10 Iúil 2023 — Marcegaglia Specialties v an Coimisiún**

**(Cás T-378/23)**

(2023/C 304/33)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Marcegaglia Specialties SpA (Gazoldo degli Ippoliti, an Iodáil) (ionadaithe: F. Di Gianni, A. Scalini agus G. Pregno, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/825 ón gCoimisiún an 17 Aibreán 2023 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1408 ar allmhairí leathán agus cornaí teorollta áirithe de chruach dhosmálta de thionscnamh na hIndinéise chun allmhairí leathán agus cornaí teorollta áirithe de chruach dhosmálta arna gcur chun bealaigh ón Tuirc a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Tuirce iad nó ná bíodh (IO 2023 L 103, lch. 12; an Rialachán atá faoi chonspóid) a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann leis an iarratasóir; agus

— a ordú don Choimisiún costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear gur sháraigh an Rialachán atá faoi chonspóid Airteagal 13(1) agus Airteagal 13(2) den Bhunrialachán, a mhéid a rinne an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe trína chinneadh gur 'oibríocht chóimeála/chomhlánaithe' é an próiseas monaraíochta a rinneadh sa Tuirc.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear gur sháraigh an Rialachán atá faoi chonspóid Airteagal 13(1) den Bhunialachán, a mhéid a rinne an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe trína mheas nach raibh aon chúis chuí ná bonn cirt eacnamaíoch leordhóthanach ann leis an oibríocht phróiseála a rinneadh sa Tuirc.

3. An tríú shaincheist dlí, lena n-éilítear go bhfuil an Rialachán atá faoi chonspóid neamhdhleathach a mhéid a leathnaigh sé an dleacht atá i bhfeidhm i gcoinne allmhairí leathán agus cornaí teorollta áirithe de chruach dhosmálta de thionscnamh na hIndinéise (SSHR) chun allmhairí SSHR a mhonaraítear sa Tuirc ó leaca de chruach dhosmálta de thionscnamh eile seachas tionscnamh na hIndinéise a chumhdach.

---

**Caingean arna tabhairt an 10 Iúil 2023 – Çolakoğlu Metalurji v an Coimisiún**

**(Cás T-379/23)**

(2023/C 304/34)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Çolakoğlu Metalurji AŞ (Iostanbúl, an Tuirc) (ionadaithe: J. Cornelis agus F. Graafsma, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/825 ón gCoimisiún an 17 Aibreán 2023 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1408 ar allmhairí leathán agus cornaí teorollta áirithe de chruach dhosmálta de thionscnamh na hIndinéise chun allmhairí leathán agus cornaí teorollta áirithe de chruach dhosmálta arna gcur chun bealaigh ón Tuirc a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Tuirce iad nó ná bíodh (IO 2023 L 103, lch. 12; an Rialachán atá faoi chonspóid) a chur ar neamhní; agus

— a ordú don Choimisiún costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 13(1) agus 13(2) den bhun-Rialachán, a mhéad a mheas an Coimisiún gurb ionann próiseáil leac de chruach dhosmálta ina leatháin agus ina gcornaí teorollta de chruach dhosmálta (SSHR) agus 'oibríocht chóimeála' de réir bhrí Airteagal 13(1)(d) agus 13(2) den bhun-Rialachán.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear, trí bhearta chun teacht timpeall a sheachaint a fhorchur ar allmhairí de SSHR arna dtáirgeadh sa Tuirc as leaca de chruach dhosmálta de thionscnamh na Tuirce, táirgí nár tháinig faoi raon an fhiosrúcháin agus a nglactar leis nach dtéann siad timpeall an bhunbhirt:

   — gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán; go ndearna sé léiriú mícheart ar Airteagal 13(4) den bhun-Rialachán, agus go ndearna sé earráid mheasúnaithe trí mhainneachtain na táirgí sin a chur as an áireamh nó, mar mhalairt rogha, trí mhainneachtain díolúine a dheonú don iarratasóir do na táirgí sin;

   — gur sháraigh an Coimisiún prionsabal na comhréireachta; agus

   — gur sháraigh an Coimisiún cearta bunúsacha nóis imeachta an iarratasóra agus go ndearna sé míúsáid ar a chumhachtaí trí bhearta a leathnú chun go gcumhdófaí na táirgí sin nó bearta a fhorchur orthu tríd an ionstraim chun teacht timpeall a sheachaint, in áit 'gnáthfhiosrúchán' frithdhumpála a dhéanamh.

---

**Caingean arna tabhairt an 11 Iúil 2023 – Essilor International v EUIPO – Carl Zeiss Vision (MYOLUX)**

**(Cás T-383/23)**

(2023/C 304/35)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Essilor International (Charenton-le-Pont, an Fhrainc) (ionadaithe: A. Parassina agus A. Giovannardi, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Carl Zeiss Vision GmbH (Aalen, an Ghearmáin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc atá faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh 'MYOLUX' – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 215 110

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 11 Bealtaine 2023 i gCás 267/2022-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— inchláraitheacht an trádmhairc atá i gceist a dhearbhú;

— a ordú don pháirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc costais na n-imeachtaí arna dtabhú ag an iarratasóir a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 10 Iúil 2023 – OQ v an Coimisiún**

**(Cás T-384/23)**

(2023/C 304/36)

*Teanga an cháis: an Chróitis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* OQ (ionadaí: R. Štaba, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— go gcuirfí ar neamhní an cinneadh ón Oifig Eorpach um Roghnú Foirne an 15 Bealtaine 2023, ar glacadh mar chuid de Chomórtas EPSO/AD/378/20;

— a ordú don chosantóir, arb é an Coimisiún, go n-aisíocfadh sé le OQ na táillí arna n-éileamh mar chuid den nós imeachta seo, mar aon le hús ar riaráistí ó dhéanamh gach birt ag an iarratasóir go dtí go n-íocfar é.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí.

(1) An chéad saincheist dlí: sárú ar Airteagal 45 CFAE, a mhéid, leis an gcinneadh an 15 Bealtaine 2023, ar dhiúltaigh an bord roghnúcháin an t-iarratasóir a chlárú i gComórtas EPSO/AD/378/20 ar an bhforas nach gcomhlíontar coinníollacha an chomórtais sin lena chéim i ndlí na Fraince, in ainneoin, i gCás T-713/20 idir na páirtithe céanna agus a raibh na bunfhíricí céanna ann, gur dhearbhaigh an Chúirt Ghinearálta go sainráite nach bhféadfaí diúltú d'iarratas an iarratasóra toisc, agus dá toisc sin amháin, nach ceann de chéimeanna an chomórtais í agus go raibh an comórtas mídhleathach a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir chuige sin. Sáraíodh saoirse bhunúsach an iarratasóra a ráthaítear le hAirteagal 45 CFAE mar sin, óir cuireadh constaic thromchúiseach gan é a chomhlíonadh roimh shaorghluaiseacht daoine toisc nach ndearna an bord roghnúcháin measúnú ar chéim an iarratasóra i gcomhréir le cásdlí comhsheasmhach na Cúirte sa réimse sin. Baineann an dara cuid den chéad saincheist dlí leis nár cuireadh san áireamh teastais an iarratasóra agus an taithí eile atá aige lena léirítear go bhfuil an t-eolas agus taithí is gá aige.

(2) An dara saincheist dlí: earráid fhollasach agus measúnú á dhéanamh ar na fíorais agus ar an dlí, toisc nár chuir an bord roghnúcháin san áireamh an taithí ar aistriúchán téacsanna dlí a fuair an t-iarratasóir agus é ag obair i bParlaimint na hEorpa. Baineann an earráid fhollasach leis gur taithí ar aistriúchán téacsanna dlí ab ea í, rud a iarrtar uirthi chomh maith, *inter alia*, i dtéacs an chomórtais. Rinne an bord roghnúcháin earráid dlí chomh maith de dheasca go gcomhlíontar le taithí an iarratasóra i bpoist comhchosúla eile in institiúidí eile an Aontais Eorpaigh na coinníollacha agus, de réir an chleachtais ábhartha, ní mhór dó measúnú a dhéanamh ar chomhthéacs an chomórtais i gceist amháin. Dá dheasca sin, chlaon an bord roghnúcháin ó théacs an chomórtais atá de dhian-cheangal air.

(3) An tríú saincheist dlí: níor cuireadh san áireamh an taithí atá faighte ar aistritheoireacht mar chuid de chomh-mhalartáin idir-institiúideacha idir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa. Bíodh is gurbh aistritheoir an t-iarratasóir i bParlaimint na hEorpa go foirmiúil ag an am, ní bhféadfaí gan an t-eolas a chur san áireamh, ar dhóigh ar bith, a fuair sé mar chuid de mhalartáin agus é ag obair i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh toisc gur taithí ábhartha í ar gach dóigh, gan beann air gur fhorbair sé í mar chuid de mhalartáin. Trí neamh-ábharthacht a thabhairt síos don taithí sin, rinne an bord roghnúcháin earráid dlí.

(4) An ceathrú saincheist dlí: nár cuireadh san áireamh, ina hiomláine, an taithí phroifisiúnta dlí atá faighte i bPoblacht na Cróite. Rinne an bord roghnúcháin earráid fhollasach agus measúnú á dhéanamh aige ar na fíorais, toisc nár aithníodh gur taithí bhailí 45 lá oibre i gcomhlacht dlíodóirí i bPoblacht na Cróite í. Níor aithníodh go raibh thart ar mhí oibre amháin curtha den iarratasóir sa chomhlacht sin, i ndiaidh dó a bheith cláraithe ar Eolaire na nDlíodóirí faoi Oiliúint. Mar thaca lena argóintí ar dá réir nach mór don tréimhse atá faoi chonspóid a chur san áireamh, tugann an t-iarratasóir le fios gur cláraíodh é ar an Eolaire toisc go raibh céim eachtrannach aige, rud a dhearnadh measúnú le linn chruinniú Chumann Barra na Cróite beagnach mí amháin i ndiaidh a iarratas ar chlárú ar an Eolaire arna choinneáil ag an údarás sin. Go dtí a chlárú ar an Eolaire sin, áfach, ba dhlíthiúil amháin na cúraimí agus dualgais arna ndéanamh ag an iarratasóir, mar is léir ón gcáschomhad arna thaisceadh, rud lena léirítear, ó fhíorthús an chaidrimh fostaíochta, go raibh sé de rún ag a fhostóir go ndéanfadh sé dualgais dlíodóra atá faoi oiliúint. Ina theannta sin, ní luaitear in aon áit sa chomórtas gurb é is coinníoll leis an taithí ábhartha a aithint ná go bhfuil an iarrthóir cláraithe ar Eolaire na nDlíodóirí faoi Oiliúint, ach gurb é is coinníoll amháin gur fostaíodh i gcomhlacht dlíodóirí é. Dá bhrí sin, chlaon an bord roghnúcháin ó théacs an chomórtais atá de dhian-cheangal air.

(5) An cúigiú saincheist dlí: níor luadh cúiseanna le cinneadh an 15 Bealtaine 2023 ar dá réir ar diúltaíodh an t-iarratasóir a chlárú sa chomórtas atá faoi chonspóid, mar gheall air nach luaitear in aon áit sa chinneadh sin na critéir soiléire ar dá réir ar tháinig an bord roghnúcháin ar a chinneadh, in ainneoin go dtagann na forais arna n-ardú salach ar a chéile agus, ar a mbonn, nach bhféadfaí a fhionnadh cén critéar go díreach nár chomhlíon an t-iarratasóir. Dá dheasca sin, sháraigh an bord roghnúcháin prionsabal na córa comhionainne chomh maith, óir bhí a fhios ag na hiarrthóirí eile go léir ón bhfíorthús go raibh coinníollacha an chomórtais á gcomhlíonadh acu, in ainneoin nach bhfuil a fhios ag an iarrthóir go fóill, mar gheall air nár luadh cúiseanna, an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé coinníollacha an chomórtais agus cén critéir ar a mbonn a dhéanann an bord roghnúcháin cinneadh air seo.

---

## Caingean arna tabhairt an 13 Iúil 2023 – Eckes-Granini Group agus International Beer Breweries v EUIPO – Capri Sun (PRISUN)

**(Cás T-395/23)**

(2023/C 304/37)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

### Páirtithe

*Iarratasóirí:* Eckes-Granini Group GmbH (Nieder-Olm, an Ghearmáin), International Beer Breweries Ltd (Ashkelon, Iosrael) (ionadaí: J. Wachsmuth, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Capri Sun AG (Zug, an Eilvéis)

### Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Iarratasóirí an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh 'PRISUN' – Iarratas Uimh. 18 228 012

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón dara Bord Achomhairc de EUIPO an 26 Aibreán 2023 i gCás R 1057/2022-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— freasúra Capri Sun AG a dhiúltú;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 11 Iúil 2023 – Ausnit, Olariu și Asociații v an Coimisiún**

**(Cás T-397/23)**

(2023/C 304/38)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Ausnit, Olariu si Asociații SRL (Lugoj, an Rómáin) (ionadaí: F. Irimia, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh an 10 Bealtaine 2023, C (2023) 3232 final a chur ar neamhní.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. Níl aon bhunús dlí ag an gcinneadh, ós rud é go n-éilítear léiriú agus cur i bhfeidhm mícheart ar na forálacha atá leagtha amach in Airteagal II.19.1(f) den chomhaontú deontais, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 30 de Rialachán Uimh. 966/2012 is infheidhme maidir leis an gcomhaontú de bhun Airteagal 279(3) de Rialachán Uimh. 1046/2018.

2. Tugtar an cinneadh atá faoi chonspóid de shárú ar phrionsabal na comhréireachta atá cumhdaithe in Airteagal 135 de Rialachán Uimh. 966/2012 agus Airteagal II.27.6. den chomhaontú deontais á chur i bhfeidhm de shárú ar Airteagal II.25.4 den chomhaontú sin agus de shárú ar Airteagal 5 CFAE agus ar fhorálacha a phrótacail breise Uimh. 2.

3. Sáraítear leis an gcinneadh atá faoi chonspóid prionsabal maidir le hionchais dhlisteanacha a chosaint.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 12 Iúil 2023 – LG agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás T-730/22)** [1]

(2023/C 304/39)

*Teanga an cháis: an Béarla*

D'ordaigh Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

[1] IO C 35, 30.1.2023.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA